

Tuarascáil Bhliantúil an CSI 2011

An Coimisiún Sábháilteachta Iarnróid

Tuarascáil Bhliantúil an CSI 2011

Focal leis an gCoimisinéir	3
1. An Coimisiún Sábháilteachta Iarnróid	5
1.1 Bunús agus ról an Choimisiúin Sábháilteachta Iarnróid	5
1.2 An Struchtúr agus an Eagraíocht	5
1.3 An tAonad um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid	6
2. Feidhmíocht ó thaobh na bhFeidhmeanna	7
2.1 Measúnacht ar an mBealach a Chomhlíontar Ceanglais	7
2.1.1 Córais Bhainistíochta Sábháilteachta	7
2.1.2 Údarú le cur i mbun seirbhíse	7
2.1.3 Tiománaithe Traenach a Dheimhniú	7
2.2 Nósanna Imeachta agus Caighdeáin a Chomhlíonadh, Maoirseacht & Forfheidhmiú	8
2.2.1 Iniúchóireacht ar an mBealach a Chomhlíontar Nósanna Imeachta agus Caighdeáin	8
2.2.2 Cigireacht & Tionóiscí a Rianú	9
2.2.3 Cruinnithe Maoirseachta	9
2.2.4 Buairimh an Tionscail	10
2.2.5 Uirill ón bpobal	10
2.2.6 Monatóireacht fhrithghníomhach	11
2.2.7 Gníomhaíocht forfheidhmiúcháin	11
2.3 Reachtaíocht a Chomhchuibhiú le Treoracha & Rialacháin ón Eoraip (2007/59/CE)	11
2.4 Pointí a dTeagmhaíonn Bóithre agus Iarnróid le chéile	12
3. Measúnacht ar Fheidhmíocht Shealbhóir an Dualgais ó thaobh na Sábháilteachta	13
3.1 Réamhrá	13
3.2 Líonra Iarnród Éireann	13
3.3 LUAS	13
3.4 Córais Thionsclaíocha	14
3.5 Iarnróid Oidhreachta	14
4. Rialachas Corparáideach agus Riarachán	15
4.1 Réamhrá	15
4.2 Cúrsaí Airgeadais	15
4.2.1 Maoiniúchán	15
4.2.2 Ráiteas faoin gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais	15
4.2.3 Próisis maidir le Cúrsaí Airgeadais a Rialú	15
4.2.4 Dualgais Chánach a Chomhlíonadh	16
4.2.5 Taisteal agus speansais	16
4.3 Tiomantas don Ghaeilge	16
4.4 Saoráil Faisnéise	16
4.5 Cairt Chustaiméirí	16
4.6 Bainistíocht Rioscaí	16
4.7 Cód um Eitic agus Iompar Gnó.	16
4.8 Ráiteas Straitéise 2009-2011	16
4.9 Láithreán Gréasáin	16
5. Ag Breathnú Amach Romhainn	17
Aguisín 1: Staitisticí Iarnróid Éireann	18
Aguisín 2: Eachtraí agus Gortuithe Iarnróid ar Iarnród Éireann 2002-2011	19
Aguisín 3: Staitisticí LUAS	21
Aguisín 4: Ceaduithe a dheonaigh an CSI in 2011	22
Aguisín 5: Úsáid Fuinnimh in 2011	23

Focal Leis an gCoimisinéir



De réir Alt 28(3) den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005, tá ceangal ar an gCoimisiún Sábháilteachta Iarnróid (CSI) tuairiscáil bhliantúil a chur i láthair an Aire Iompair. Is í seo an tuairiscáil bhliantúil do bhliain 2011 agus, le cois faisnéis a sholáthar faoi ghníomhaíochtaí, riarachán agus rialachas an CSI, soláthraítear sa tuairiscáil sonraí staitistiúla maidir leis an mbealach a d'fheidhmigh na rannpháirtithe éagsúla san earnáil iarnróid in Éirinn ó thaobh na sábháilteachta de i rith na bliana ar a bhfuil súil á caitheamh

Leanann an CSI ar aghaidh le bheith rannpháirteach, i gcuideachta Údaráis Náisiúnta Sábháilteachta Bhallstáit eile an Aontais Eorpaigh, san obair leanúnach le creat rialála sábháilteachta iarnróid na hEorpa a fhorbairt. Dá thoradh sin, bíonn obair nach beag le déanamh ag an CSI i ndáil le reachtaíocht náisiúnta a chomhchuíbhíú agus comh-mhodhanna sábháilteachta an AE a chur i ngníomh.

Tugtar sainordú le Rialacháin an AE maidir leis an mbealach a bhfuil monatóireacht le déanamh ar Bhainisteoirí Bonneagair iarnróid agus ar Ghnóthais Iarnróid lena chinntiú go gcuireann siad a gcuid Córas Bainistíochta Sábháilteachta (CBS) faoi seach i ngníomh agus go gcloíonn siad leis. Tá réimeas breisithe iniúchóireachta agus cigireachta bunaithe ag an an CSI le maoirseacht a dhéanamh ar an mbealach a chomhlíonann Iarnród Éireann (IÉ) a CBS lena chinntiú go mbeidh sé de réir chomh-mhodhanna sábháilteachta an AE. Tá an réimeas seo á leathnú le gníomhaíochtaí an Railway Preservation Society of Ireland (RPSI) ar líonra IÉ a chuimsiú.

Mar gheall ar an lánchosc atá ann faoi láthair ar dhaoine a earcú san earnáil phoiblí, níorbh fhéidir baill foirne bhuana a fhostú chun an t-easnamh ó thaobh sainacmhainní daonna teicniúla de a chur ina cheart - ba é 56% an figiúr maidir le cumas iomlán na sainacmhainní sin ag tús na bliana. De bharr gurbh ionann an figiúr sin agus riosca nach beag ó thaobh chumas an CSI a dhualgas rialála a chomhlíonadh – is é sin maoirseacht a dhéanamh ar shábháilteacht na n-iarnród in Éirinn, chuaigh an CSI i muinín speisialtóirí comhairleacha in 2011 chun tromlach na n-iniúchóireachtaí a dhéanamh ar an mbealach a chomhlíonann Iarnród Éireann a CBS, agus fuairamar seirbhísí isteach ar conradh faoi chreat-chomhaontuithe le haghaidh gach iniúchóireachta, ina ceann agus ina ceann.

Faightear speisialtóirí teicniúla comhairleacha isteach ar conradh faoi chreatchomhaontuithe freisin chun tacú le feidhmeanna an CSI sa phróiseas lena measúnaítear agus lena bhfaomhtar an chomhréireacht ó thaobh na sábháilteachta de maidir le gnéithe iarnróid a chur i mbun seirbhíse. Ní mó ná sásúil iad na comhaontuithe conartha seo áfach sa mhéid go gcaithfear acmhainní bainistíochta a chaitheamh ar riaradh na gcomhaontuithe conartha sin, agus toisc nach gcomhlíonann siad an riachtanas le heolas corparáideach a fhorbairt agus a choinneáil laistigh den CSI. Mar iarracht leis an easnamh sin a shárú agus socruithe a chur i bhfeidhm go réiteofar an tsaincheist chriticiúil seo ar bhonn níos fadtéarmaí, tá comhaontú tar éis a bheith déanta ag an CSI le Engineers Ireland agus mar chuid de sin, tá beirt innealtóirí, a bhain a gcéimeanna amach le déanaí, socraithe leis an CSI ar chlár oiliúna ceithre bliana a bhfuil sé d'aidhm leis iad a thógáil chuig stádas Innealtóra Cairte.

I mí an Mhárta 2013, rachaidh an maolú atá i bhfeidhm d'Éirinn faoi láthair, maidir le bonneagar iarnróid agus gníomhaíochtaí oibriúcháin traenacha a dhealú ó chéile, in éag. Dá bharr sin, beidh IÉ ag obair i gcaitheamh 2012 chun gnónna ar a dtabharfar 'Bainisteoir Bonneagair' agus 'Gnóthas Iarnróid' a fhorbairt a bheidh de réir cheanglais an AE. Tabharfar athruithe suntasacha isteach dá bharr maidir le heagrúchán IÉ, agus déanfar na hathruithe sin a dheimhniú ó thaobh na sábháilteachta de agus dá thoradh sin freisin, tabharfar CBS ar leithligh isteach do gach gnó faoi seach. Rud a bheidh ina chuid thábhachtach den obair, má tá rath le bheith ar an bpróiseas leis an tionscadal seo a chur i gcrích, is ea comhréireacht an dá CBS nua a bheith á measúnú ag an CSI de réir chritéir mheasúnachta an AE, toisc go gcaithfear an Bainisteoir Bonneagar a údarú ó thaobh na sábháilteachta de agus an Gnóthas Iarnróid a dheimhniú ó thaobh na sábháilteachta de sula gcuirfear na gnónna i mbun feidhme.

Focal Leis an gCoimisinéir


Toradh suntasach a tháinig chun cinn de bharr thuairisc an Aonaid um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid (AITI) faoin imscrúdú ar an gcás inar thit cuid de Tharbhealach an Mhóinéir Leathain ag Mullach Íde i mí Lúnasa 2009, ab ea gur fachtóir é cailleadh na cuimhne corparáidí, a rannchuidigh leis an eachtra. Mheas an CSI gurbh fhiú a raibh i gceist leis an toradh sin a imscrúdú tuilleadh agus choimisiúnaigh an CSI sainstaidéar chun fachtóirí a aithint ar féidir leo rannchuidiú le cuimhne chorparáideach neamhfhoirmiúil a chailleadh, le tagairt ar leith do na feidhmeanna innealtóireachta in Iarnród Éireann. Eisíodh an tuairisc chuig páirtithe leasmhara ábhartha go luath i mí Mheáin Fómhair 2011, agus chomhaontaigh Iarnród Éireann go pras plean a fhorbairt leis na moltaí a bhí sa tuairisc a chur i ngníomh trasna na bhfeidhmeanna innealtóireachta. Leathnaigh Iarnród Éireann scóip na hoibre leis na moltaí a chur i bhfeidhm ina dhiaidh sin sa chaoi gur cuimsíodh feidhmeanna oibriúcháin traenacha freisin.

Tá na crosairí comhréidhe a fheidhmíonn úsáideoirí ar bhóithre poiblí ina n-áiteanna lena mbaineann riosca mór agus daoine den phobal agus an t-iarnród ag teagmháil le chéile, toisc gur ar úsáideoir an bhóthair a bhíonn an fhreagracht as an gcrosaire comhréidh a úsáid go sábháilte. Thug an CSI faoi staidéar ar a oiriúnaí is atá an cineál crosaire seo, a bhfuil 48 díobh ann ar líonra Iarnród Éireann, agus eisíodh an CSI torthaí an staidéir sin le linn an chéad ráithe de 2012. Is léir gur chóir tuilleadh infheistíochta ar mhaithe leis an tsábháilteacht a dhíriú ar chrosairí comhréidhe a fheidhmíonn úsáideoirí ar bhóithre poiblí mar gheall ar na rioscaí a bhaineann leo.

Maidir le sábháilteacht na n-oibriúcháin traenach, tháinig laghdú suntasach ar líon na gcomharthaí contúirte a ndeachthas tharstu i rith 2011. Baineadh an feabhsúchán sin amach, go príomha, de bharr próiseas cóitseála ceartaithí do thiománaithe traenach, ach caithfear a aithint, seachas líonra an DART, nach mbíonn cosaint traenach dhearfach ar fáil ar an gcuid eile de líonra Iarnród Éireann. Bíonn oibriú sábháilte na dtraenacha ag brath ar na tiománaithe traenach mar sin agus ar a mhéid a chloíonn siad le comharthaí iarnróid. Maidir leis sin, d'fhan cúrsaí in Éirinn mar a bhí roimhe agus, i gcomparáid leis an gcuid eile den domhan, is amhlaidh go bhfuilimid tite ar gcúl. Is gá cuimhneamh anois ar an mbealach a d'fhéadfaí cosaint traenach uathoibríoch a chur i bhfeidhm de réir a chéile trasna líonra Iarnród Éireann agus ar na himpleachtaí a bhainfidh leis an obair sin d'infheistíocht sna hiarnróid ar mhaithe leis an tsábháilteacht.

Agus cúrsaí eacnamaíochta mar atá, is amhlaidh nach bhfuil aon róchosaint, fiú ag an earnáil iarnróid, ó shrianta ar chaiteachas, agus is tábhachtaí fós mar sin go leanfaidh an CSI ar aghaidh le bheith ag díriú ar a mhisean “Sábháilteacht na n-iarnród in Éirinn a thabhairt ar aghaidh trí mhaoirseacht agus forfheidhmiúchán díograiseach”.

Mar chonclúid, is cuí buíochas a ghabháil le foireann an CSI as a dtiomantas agus as an tacaíocht a thug siad agus muid ag comhlíonadh ár ndualgas reachtúil i rith 2011.



Gerald Beesley

Coimisinéir Sábháilteachta Iarnróid

1. An Coimisiún Sábháilteachta Iarnróid



1.1. Bunús agus ról an Choimisiúin Sábháilteachta Iarnróid

Bunaíodh an Coimisiún Sábháilteachta Iarnróid an 1ú Eanáir 2006 go foirmiúil de réir cheanglais an Ahta um Shábháilteacht Iarnróid (ASI) 2005. I gcomhthéacs na Treorach maidir le Sábháilteacht Iarnróid (Treoir 2004/49/CE ón Eoraip) is é an CSI an tÚdarás Náisiúnta Sábháilteachta don earnáil iarnróid i bPoblacht na hÉireann. Tháinig an Treoir maidir le Sábháilteacht Iarnróid i bhfeidhm ina hiomláine in Éirinn nuair a leasaíodh an ASI leis na Rialacháin Eorpacha (Sábháilteacht Iarnróid) (I.R. Uimh. 61, 2008). Mar an ghníomhaireacht rialála neamhspleách ar a bhfuil sé curtha de dhualgas maoirseacht a dhéanamh ar shábháilteacht na ngníomhaíochtaí iarnróid ar fad sa Stát, ceanglaítear ar an CSI a chinntiú go dtuigeann agus go mbainistíonn gach eagraíocht iarnróid a fheidhmíonn sa Stát an riosca ó thaobh na sábháilteachta a bhaineann lena cuid oibriúchán go héifeachtach. Baintear é sin amach ar thrí bhealach, viz.:

Measúnacht ar an gComhréireacht — Córais Bhainistíochta Sábháilteachta (CBS) a mheasúnú lena chinntiú go bhfuil siad de réir gach ceanglas sula mbronnfar údarú ó thaobh na sábháilteachta de nó deimhniú na sábháilteachta, agus bonneagar nua iarnróid agus rothstoc nua a mheasúnú lena chinntiú go gcomhlíonfar ceanglais maidir leis an tsábháilteacht sula gcuirfear seirbhís i bhfeidhm.

Nósanna Imeachta agus Caighdeáin a Chomhlíonadh, Maoirseacht & Forfheidhmiú — Iniúcháireacht a dhéanamh ar an mbealach a chomhlíontar na nósanna imeachta agus na caighdeáin arna bhforordú i ngach CBS dá gceadaítear, agus cigireacht a dhéanamh ar shócmhainní iarnróid le measúnú an bhfuil critéir, maidir lena oiriúnaí atá atá siad dá gcuspóir, á gcomhlíonadh. Dearbhaítear go bhfuil moltaí ó thaobh na sábháilteachta de á gcomhlíonadh trí mhionatóireacht a dhéanamh ar phleananna leis na moltaí

sin a chur i ngníomh agus trí imeachtaí forfheidhmiúcháin a thionscnamh i gcás gur gá; agus

Reachtaíocht a Chomhchuíbhí le Treoracha & Rialacháin ón Eoraip — Ag tacú le reachtaíocht a chomhchuíbhí le Treoracha agus Rialacháin ón Eoraip, agus ag cinntiú go mbeidh an bealach ina a chuirfear bearta gaolmhara teicniúla agus bearta gaolmhara maidir le nósanna imeachta i ngníomh dá bharr ag teacht le ceanglais éigeantacha Eorpacha.

1.2 An Struchtúr agus an Eagraíocht

Saineagraíocht bheag theicniúil is ea an CSI atá comhdhéanta d'innealtóirí gairmiúla agus a dtacaíonn foireann riaracháin beirte léi. Éascaíonn struchtúr tuairisceoireachta leibhéalta le faisnéis agus smaointe sruthlú thart go saoráideach agus cuireann an struchtúr sin an próiseas sin chun cinn fosta, rud a spreagann an comhairliúchán agus smaointeoireacht chruthaitheach. Ní amháin go gcuireann sé sin ar chumas an CSI freastal ar riachtanais an chláir saothair atá leagtha amach ina phlean gnó, ach soláthraíonn sé an tsolúbthacht dúinn freisin a bhíonn ag teastáil chun freagairt go héifeachtach d'éilimh oibre a thagann gan choinne agus nach mór freastal orthu láithreach.

Le cois an Choimisinéara, leis an leibhéal foirne atá ceadaithe, foráiltear le haghaidh ochtar ball eile a bheith ina gcuid den fhoireann theicniúil. Ag tús 2011, bhí ceithre phost theicniúla eile fós gan a bheith líonta de thoradh lánchosc na Roinne Airgeadais ar an earcaíocht.

I bhfianaise an riosca, a bhaineann leis an easnamh san inniúlacht theicniúil, do chumas an CSI a dhualgas rialála a chomhlíonadh, is é sin, maoirseacht a dhéanamh ar shábháilteacht na n-iarnród, tá bearta déanta anois le sainacmhainní teicniúla a fháil isteach ar conradh.

1. An Coimisiún Sábháilteachta Iarnróid

1.3 An tAonad um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid

Chun ceanglais Airteagal 18 den Treoir maidir le Sábháilteacht Iarnróid a chomhlíonadh, foráiltear leis an Acht um Shábháilteacht Iarnróid le Aonad um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid (AITI) a bhunú. Cé go bhfuil an t-Aonad laistigh den CSI faoi láthair, agus acmhainní riaracháin á roinnt, ó thaobh a bhfeidhmeanna de, tá sé de neamhspleáchas ag an Aonad tionóiscí Iarnróid agus tionóiscí tromchúiseacha a imscrúdú. Cé go bhfuil reachtaíocht chumasúcháin fós le rith, tá sé i gceist go mbeidh an AITI dealaithe ón CSI a luaithe agus is féidir chun ceanglais an AE a chomhlíonadh.

Imscrúdú cúisíoch a dhéanann an t-aonad, is é sin le rá go bhféachann sé le fíricí iomlána eachtra a aithint chomh maith leis an bhfáth gur tharla sé d'fhonn atarlú a chosc. Sonraítear íos-tairseach, ó thaobh cailteanas agus gortuithe, a mbíonn imscrúdú éigeantach os a cionn, sa Treoir maidir le Sábháilteacht Iarnróid. Bíonn sé ar chomhairle an Aonaid an ndéanfar eachtraí lena ngabhann tionchar níos lú a imscrúdú.

Thionscain an AITI 3 imscrúdú fhoirmiúla in 2011 ar eachtraí agus ar thionóiscí ar an Iarnród, ar tharla gach ceann de na heachtraí/tionóiscí ar IÉ.

IARNRÓD ÉIREANN:

- Buailleadh carr ag Crosaire Comhréidh Morrough, XG173, Contae na Gaillimhe, 14ú Feabhra 2011;
- D'éalaigh gluaisteoir ag Lúb Phort Laoise, Contae Laoise, 29ú Meán Fómhair 2011;
- Chlis ar na himthacaí ar ghluaisteoir ag Stáisiún Uí Chonghaile, Bhaile Átha Cliath, 18ú Deireadh Fómhair 2011.

In 2011, d'fhoilsigh an AITI na 7 dtuairiscí seo a leanas a rinneadh faoi thionóiscí agus eachtraí a imscrúdaíodh - tharla ceann amháin díobh ar an LUAS. Eachtraí/tionóiscí a tharla ar IÉ ab ea na sé chinn eile

LUAS:

- D'imigh tram de na ráillí ag Stad The Point, Líne Dhearg an Luas, 13ú Bealtaine 2010;

Iarnród Éireann:

- D'imigh traein de na ráillí in Iosta Cúraim Traenach Laoise, 20ú Eanáir 2010;
- Bhain cliseadh tánaisteach don chrochadh ar thraein ag Stáisiún Uí Chonghaile, 7ú Bealtaine 2010;
- Buailleadh faoi na geataí ag Crosaire Comhréidh Cill na Mullach (XC 219), Contae Chorcaí, an 2ú Iúil 2010;
- Buailleadh faoi dhuine ag crosaire comhréidh XE039, Contae an Chláir, 27ú Meitheamh 2010;
- Buailleadh faoi fheithicil bhóthair ag crosaire comhréidh XM096, Contae Ros Comáin, 2ú Meán Fómhair 2010;
- Buailleadh faoi charr ag Crosaire Comhréidh Chnoc an Phunta (XM250), Contae Mhaigh Eo, 24ú Deireadh Fómhair 2010;

2. Feidhmíocht ó thaobh na bhFeidhmeanna:



Sa chuid seo den tuarascáil bhliantúil, pléitear le feidhmíocht an CSI sna trí réimsí oibre buntábhachtacha dá chuid: Measúnacht ar an gComhréireacht agus Údarú le Cur i mbun Seirbhíse; Maoirseacht ar an mbealach a chomhlíontar nósanna imeachta agus caighdeán & Comhlíonadh na nósanna imeachta agus na gcaighdeán sin a fhorfheidmiú, agus Reachtaíocht a chomhchuíbhíú le treoracha & rialacháin ón Eoraip.

2.1 Measúnacht ar an gComhréireacht agus Údarú le Cur i mbun Seirbhíse

Tá dhá phríomhshraith i gceist le gníomhaíochtaí faoin teideal seo: Córais Bhainistíochta Sábháilteachta (CBS) a mheasúnú agus ceadú a thabhairt go gcuirfear bonneagar iarnróid nua agus rothstoc nua, nó bonneagar agus rothstoc a athraíodh go suntasach, i mbun seirbhíse

2.1.1 Córais Bhainistíochta Sábháilteachta

Eisíodh Deimhniú Sábháilteachta i mí Eanáir 2011 d'Iarnród Éireann dá fheidhm mar Ghnóthas Iarnróid agus deonaíodh Údarú Sábháilteachta dá fheidhm mar Bhainisteoir Bonneagair. Eisíodh Deimhniú Sábháilteachta mar Ghnóthas Iarnróid don *Railway Preservation Society of Ireland* i mí Iúil 2011. Rinne an CSI na measúnachtaí faoi seach ar a gcuid CBS de réir na Treorach maidir le Sábháilteacht Iarnróid agus na gComh-Mhodhanna Sábháilteachta chun Comhréireacht a Mheasúnú.

2.1.2 Údarú le Cur i mbun Seirbhíse

Bhí ceithre dhroichead agus stáisiún nua i measc na ngnéithe den bhonneagar a ceadáíodh ar Líonra IÉ i rith 2011. Ar Líonra LUAS, osclaíodh Líne A1 idir Belgard agus Teach Sagard do thrácht paisinéirí an 2ú Iúil. San áireamh leis na ngnéithe den Rothstoc a ceadáíodh d'IÉ, bhí obair leanúnach ar an bpróiseas céimnitheach le meaisíní-ar-na-rianta a cheadú, chomh maith le hordú breise le haghaidh Carr Iarnróid Idirchathrach, agus uasghrádú ar Veain Gineadóra Mk III. Ceadáíodh Feithicil Ghlantacháin Bóthair-Iarnróid LUAS go rachfaí ar aghaidh le Dearadh Mionsonraithe a dhéanamh ina leith. Ceadáíodh na nithe sin ar fad faoin Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005. Tá liosta iomlán de thionscadail le fáil in Aguisín D.



Presentation of Safety Certificate to IÉ 31st January 2011



Presentation of Safety Certificate to RPSI 1st July 2011

Trasuíodh an Treoir maidir le hIdir-Inoibritheacht 2008/57/CE i nDlí na hÉireann i mí Lúnasa. Dá bharr sin, tugadh éifeacht don phróiseas Eorpach maidir le fochórais iarnróid a údarú le cur i mbun seirbhíse. Tá an CSI ag tabhairt a gcuid treoirínte cothrom le dáta faoi láthair go léireofar próiseas "An Údaraithe le Cur i mBun Seirbhíse" iontu. Beidh an t uasghrádú ar Stáisiún na bPiarsach ar an chéad tionscadal a cheadófar faoin réimeas nua.

2.1.3 Tiománaithe Traenach a Dheimhniú

Chuir an CSI tús leis an obair le treoirlíne a dhréachtadh don Treoir, maidir le Tiománaithe Traenach a Dheimhniú

2. Feidhmíocht ó thaobh na bhFeidhmeanna:

2007/59/CE, a fheidhmiú. Beidh an treoirlíne ina treoirlíne ábhartha d'ionaid oiliúna, d'ionaid scrúdúcháin, do thraenáilaithe, do scrúdaitheoirí, do ghnóthais iarnróid, do bhainisteoirí bonneagair, do thiománaithe traenach agus do dhaoine atá ina iarrthóirí ar phoist mar thiománaithe. Táthar ag súil leis go n-aithneofar Iarnród Éireann mar ionad oiliúna agus ionad scrúdúcháin i rith 2012. Eiseoidh an CSI Ceadúnais Tiomána Traenach agus coinneoidh an CSI clár de réir na gceanglas atá i Rialachán an Choimisiúin AE 36/2010 agus Cinneadh an Choimisiúin 2010/17/AE.

2.2 Nósanna Imeachta agus Caighdeán a Chomhlíonadh, Maoirseacht agus Forfheidhmiú

Eascraíonn gníomhaíochtaí maoirseachta an CSI as an ngá lena chinntiú go mbíonn a gcórais bhainistíochta sábháilteachta ceadaithe (CBS) á gcur i ngníomh ag Gníothais iarnróid agus ag Bainisteoirí Bonneagair.

Nithe eile a threoraíonn na gníomhaíochtaí sin is ea

1. Buairimh an tionscail ó thaobh na sábháilteachta, a thagann chun cinn de thoradh tionóiscí agus eachtraí go tipiciúil;
2. Gearáin agus uirill ag, nó thar ceann, paisinéirí nó daoine gaolmhara eile;
3. Monatóireacht fhrithghníomhach, lena n-áirítear cigireacht tar éis eachtraí le féachaint ar comhlíonadh nósanna imeachta agus caighdeán.

Cuirtear roinnt teicnící chun feidhme mar chuid de ghníomhaíocht mhaoirseachta an CSI, lena n-áirítear:

1. Iniúcháireachtaí ar an mbealach a chomhlíonann sealbhóirí dualgais an CBS;
2. Cigireacht ar shócmhainní agus ar oibriúcháin shamplacha;
3. Cruinnithe maoirseachta ardleibhéil le hOifig Feidhmiúcháin agus Bainisteoirí Sábháilteachta.

2.2.1 Iniúcháireacht ar an mBealach a Chomhlíontar Níosann Imeachta agus Caighdeán

Thug an CSI réimeas breisithe isteach chun iniúcháireacht a dhéanamh ar an mbealach a chomhlíon IÉ a CBS, lena díríodh:

- Ar Rannóg an Phríomhinnealtóra Sibhialta i Rannán Ghabhal Luimnigh;
- Ar Rannóg an Phríomhinnealtóra Sibhialta i réimsí feidhme buntábhachtacha;
- Ar Rannóg an Phríomhinnealtóra Meicniúil ina hiomláine;
- Ar Rannóg an Phríomhinnealtóra Meicniúil i réimsí feidhme buntábhachtacha;
- Ar Rannóg Oibriúcháin IÉ (taobh na n-oibriúcháin traenach) agus Feidhmeanna na Ceanncheathrún agus
- Feidhm an chuideachta caighdeánach IÉ SMS 013 maidir le hathruithe san eagraíocht a bhainistiú

Thairis sin, thug an CSI faoi dhá iniúcháireacht eile ar phróisis Chóras Bainistíochta Sábháilteachta IÉ. Díríodh leis na hiniúcháireachtaí sin:

- Ar an mbealach a dhéantar inniúlacht na gComharthóirí CTC a Bhainistiú;
- Ar an mbealach a dhéantar Gearthacha & Claífort a Bhainistiú;

Tá moltaí déanta de thoradh na n-iniúcháireachtaí go léir agus tá na moltaí sin curtha i ngníomh nó á gcur i ngníomh ag IÉ.

Chuir an CSI cigireacht i gcrích ar an mbealach a comhlíonadh ceanglais ábhartha tar éis do dhuine bás a fháil ag crosaire comhréidh XM096 an 2ú Meán Fómhair 2010, agus tá torthaí na cigireachta sin ar fáil ar shuíomh idirlín an CSI. Chuir an CSI a chigireacht i gcrích i mí an Mhárta 2011 ar an mbealach a comhlíonadh ceanglais ábhartha agus aithníodh dhá réimse nár comhlíonadh ceanglais ábhartha ina leith. Is leo seo a leanas a bhain siad:

- Teip le caighdeán inmheánach MW50 cuid 2, a bhaineann le crosairí comhréidhe, a chur i ngníomh: "Radhairc ar thraenacha a bhí ag teacht"
- Teip le rialachán 5 de I.R. 701 de 2003 a chomhlíonadh: "Pearsanra an iarnróid a oiliúint i nósanna imeachta maidir le hearraí contúireachta a iompar".

2. Feidhmíocht ó thaobh na bhFeidhmeanna:



Lena chois sin, rinne an CSI 7 moladh lenar cludaíodh raon leathan de shaincheisteanna ó thaobh na bainistíochta sábháilteachta, lena n-áirítear an chumarsáid le húdaráis áitiúla agus comharthaíocht a chur suas.

De réir Alt 76 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid, d'iarr an CSI 'Plean Feabhsúcháin' ó Iarnród Éireann (IÉ) agus cuireadh é sin faoina bhráid go pras. Tá grinnmhonatóireacht á déanamh ag an CSI ar phlean IÉ agus táimid sásta gur tugadh aghaidh ar na nithe nár comhlíonadh ceanglais ábhartha ina leith agus go bhfuil na moltaí curtha i gcrích, nó go bhfuil cuid mhaith díobh curtha i gcrích.

Rinne an CSI Veolia a iniúchadh, agus thug faoi iniúchadh amháin ar a gcuid socruithe bainistíochta sábháilteachta (Cás Sábháilteachta) le féachaint an raibh ceanglais srl. á gcomhlíonadh. Díriodh leis an iniúcháireacht sin;

- Ar an mbealach a dhéantar idirphlé, maidir le páirtithe leasmhara LUAS, a bhainistiú

Arís, rinneadh roinnt moltaí agus tá Veolia, i gcomhar le hAlstom (cothabhálaí an bhonneagair) agus an Ghníomhaireacht um Fháil Iarnród, ag tabhairt aghaidh orthu sin.

Ar deireadh, rinne an CSI Bord Na Móna (BNM) a iniúchadh, agus thug faoi iniúchadh amháin ar a gcuid socruithe bainistíochta sábháilteachta (Cás Sábháilteachta) le féachaint an raibh ceanglais srl. á gcomhlíonadh. Díriodh leis an iniúcháireacht sin;

- Ar an mbealach a dhéantar Crosairí comhréidhe a bhainistiú.

Aithníodh trí chás nár comhlíonadh ceanglais ábhartha ina leith i rith na hiniúcháireachta sin agus is leo seo a leanas a bhain siad;

- Níor bhain BNM an mhnicíocht riachtanach amach maidir le Cruinnithe an Choiste Sláinte & Sábháilteachta;
- Níor iniúchadh crosairí comhréidhe in 2010 ná in 2009 ag na baill foirne sin a shonraítear sa Chás Sábháilteachta;

- Gan aon athbhreithniú bliantúil a bheith déanta ar chaighdeán nó ar nósanna imeachta um rialú.

Arís, rinneadh roinnt moltaí agus tá aghaidh tugtha ag Bórd na Móna orthu sin.

Déanann an CSI monatóireacht go gníomhach ar an mbealach a chuirtear gach moladh dá ndéantar i ngníomh agus bíonn an CSI ag lorg fianaise go ndearnadh gníomhartha sula gcuirtear clabhsúr le haon mholadh.

2.2.2 Cigireacht & Tionóiscí a Rianú

Rinneadh cigireacht ar IÉ agus ar Veolia roinnt uaireanta freisin lenar díriodh:

- Ar shócmhainní an bhonneagair lena n-áirítear droichid agus crosairí comhréidhe;
- Stáisiúin;
- Ar Rialú Lárnach an Tráichta (an suíomh atá freagrach ag gluaiseachtaí traenach a rialú thar thromlach an líonra);
- Ar bhonneagar agus slándáil na mbealaí tram agus foghail orthu.

Sa chás go rabhtas in ann, thapaigh cigirí an deis le taisteal i gcábáin traenacha chun oibríochtaí agus an bhail a bhí ar an mbuanbhealach a mheasúnú. Rinneadh cigireacht le linn na seirbhíse ar gach iarnród oidhreachtá dá bhfuil á fheidhmiú faoi láthair freisin.

2.2.3 Cruinnithe Maoirseachta

In 2011, mar chuid de Chlár Maoirseachta an CSI, reáchtáladh roinnt cruinnithe maoirseachta ardleibhéil leis na sealbhóirí ábhartha dualgais (IÉ, Veolia agus Bord Na Móna) agus pléadh an fheidhmíocht ó thaobh na sábháilteachta de lena linn siúd.

Rinne an CSI monatóireacht freisin ar an mbealach a cuireadh moltaí ón Aonad um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid i bhfeidhm tar éis dá n-imscrúduithe cúisíochta neamhspleácha, ena bhféachtar le firicí iomlána eachtra a aithint chomh maith leis an bhfáth gur tharla sé, d'fhonn atarlú a chosc.

2. Feidhmíocht ó thaobh na bhFeidhmeanna:



2.2.4 Buairimh an Tionscail

Coinníonn an CSI teagmháil fhoirmiúil agus neamhfoirmiúil ar bun lenár gcomhghleacaithe, na comhlachtaí rialála agus imscrúdúcháin san Eoraip. Scaip an CSI gach tuairisc maidir le tionóiscí agus gach fógra comhairleach maidir le cúrsaí sábháilteachta a d'eisigh na heagraíochtaí sin i gcás gur measadh gur bhain siad le Gnóthais Iarnróid anseo.

Níor tharla aon eachtraí marfacha ar líonra IÉ in 2011 (gan cásanna, ina ndearnadh foghail nó a bhfuil amhras ina leith gur ghortaigh duine é nó í féin d'aon turas, a chur san áireamh). Ach tharla dhá eachtra áfach, a bhféadfadh iarmhairtí níos tromchúisí a bheith i gceist leo agus na cúinsí beagáinín difriúil. Bhain an chéad eachtra le duine den phobal ar sáinníodh a lámh i ndoras traenach agus a tarraingíodh taobh le traein a bhí ag imeacht ó stáisiún. Tharla an dara heachtra nuair a chlis ar acastóir traenach. Tá cigireacht ar an mbealach a comhlíonadh ceanglais ábhartha á tabhairt chun críche ag an CSI maidir leis an gcás deiridh agus tá fiosrúchán Iarnród Éireann, maidir leis an eachtra a bhain leis an doras, á leanúint ag CSI.

I mí Dheireadh Fómhair 2011, tharla an dara bás a tharla ar línte an LUAS ó cuireadh tús le hoibriúcháin in 2005. Tharla an tionóisc ar Lána Steevens, díreach amach ón mbealach

isteach chuig Ospidéal Naomh Pádraig. Chuaigh fear, a bhí ag siúl i dtreo Stáisiún Heuston, ar seachrán amach ón gcosán agus díreach isteach ar bhealach tram a bhí ag teacht ina threo le dul chuig Stad Heuston. Rangaítear eachtraí dá leithéid mar Thionóiscí Tráchta ar Bhóithre agus mar gheall air sin, imscrúdaíonn an Garda Síochána iad.

2.2.5 Uirill ón bpobal

Is é an pobal, paisinéirí nó daoine eile, ár bpríomhchustaiméirí agus tugtar an-aird ar fad i gcónaí ar a gcuid buaireamh ó thaobh shábháilteacht na n-iarnród de. Féachann an CSI, cibé uair is féidir, le déileáil leis na cásanna go díreach, ach i gcás gur gá, lorgáimid faisnéis bhreise ón sealbhóir dualgais chun freagra chuimsitheach iomlán a sholáthar.

Fuaireamar 55 uiríoll díreach nó neamhdhíreach in 2011 a bhain le raon ceisteanna ó thaobh bhonneagar agus oibríú na n-iarnród trom agus éadrom de, agus b'ardú é sin ar líon na n uiríoll a fuarthas in 2010 (47). Bhain thart ar 44 uiríoll le hoibriúcháin nó bonneagar Iarnród Éireann agus bhain na 11 chinn eile le córas LUAS (Iarnród éadrom Bhaile Átha Cliath), agus le roinnt iarnród oidhreacht. Bhí líon beag díobh ina n údar buairimh agus ghníomhaigh an CSI láithreach chun a chinntiú gur gníomhaíodh ina leith. Ní raibh ceann ar bith de na

2. Feidhmíocht ó thaobh na bhFeidhmeanna:



cinn eile ina n-údar buairimh ó thaobh na sábháilteachta de láithreach nó ina n-údar buairimh go sonrach ach imscrúdaíodh iad ar fad agus freagraíodh dóibh ar fad. Leanann an CSI ar aghaidh le bheith ag rianú na n ábhar a bhíonn i gceist leis na huirill ar bhonn leanúnach ionas go sainaithneofar aon atarlú nó treochoirí a d'fhéadfadh a thabhairt le fios gur gá tuilleadh airde a thabhairt orthu.

Nithe éagsúla a bhí i gceist leis na huirill in 2011, agus bhain siad le nithe amhail an bhail atá ar chrosairí comhréidhe agus rudaí eile amhail marcálacha ar na bóithre do na tramanna. Tháinig méadú ar líon na n-uirill a fuair an CSI maidir leis an mbail a bhí ar na crosairí comhréidhe, agus i gcás gur cuí, rinne an CSI cigireacht ar shócmhainní agus d'fhreagair sé do na huirill le cúnamh IÉ.

2.2.6 Monatóireacht Fhrithghníomhach

Tharla monatóireacht fhrithghníomhach, rinneadh cigireacht ar shuíomhanna agus imscrúdaíodh/iniúchadh cúrsaí maidir leis an mbealach a comhlíonadh ceanglais ábhartha i ndáil leis na heachtraí seo a leanas:

Eachtraí ar Iarnród Éireann:

- Eachtra a bhain le paisinéir ag Stáisiún Chúil Mhín, 4ú Iúil 2011;
- Tine in inneall Cairn Iarnróid Idirchathrach ag Baile Átha an Rí, 3ú Meán Fómhair 2011;
- Cliseadh ar imthacaí acastóra ar fhoireann na roth faoi ghluasteoir, 18ú Deireadh Fómhair 2011.

Eachtraí ar an LUAS

- Eachtra, a bhain leis an tram, ina bhfuair coisí bás ag Lána Steevens, 11ú Deireadh Fómhair 2011.

2.2.7 Enforcement activity

Foráiltear le hAlt 7 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 le haghaidh roinnt beart forfheidhmiúcháin, ar nós Plean Feabhsúcháin a iarraidh agus Fógra Toirmisc a sheirbheáil. Tionscnaíodh na bearta forfheidhmiúcháin seo a leanas i rith 2011:

- Alt 76 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 – Plean Feabhsúcháin iarrtha;

- tar éis chigireacht an CSI ar an mbealach a comhlíonadh ceanglais tar éis na heachtra marfaí ag XM096;
- tar éis don CSI iniúchadh a dhéanamh ar an mbealach a chomhlíon IÉ ceanglais maidir le gearrthacha agus claífoirt a bhainistiú;
- tar éis don CSI iniúchadh a dhéanamh ar an mbealach a chomhlíon IÉ ceanglais maidir le hinniúlacht na gComharthóirí CTC a bhainistiú;
- tar éis iniúchoireachtaí an CSI ar Chórais Bhainistíochta Sábháilteachta na Rannóg CCE, CME agus Oibriúcháin de chuid IÉ;
- tar éis don CSI iniúchadh a dhéanamh ar an mbealach a chomhlíon Bórd na Móna ceanglais maidir le crosairí comhréidhe a bhainistiú;
- tar éis iniúchoireacht an CSI ar Chás Sábháilteachta Phort Láirge agus Ghleann na Siúire.

2.3 Reachtaíocht a Chomhchuíbhíú le Treoracha & Rialacháin ón Eoraip (2007/59/CE)

Féachtar leis an Treoir maidir le Tiománaithe Traenach a Cheadúnú le hinniúlachtaí tiománaithe traenach a chomhchuíbhíú ar leibhéal Eorpach agus le héascú le gluaiseacht an lucht oibre. Rinneadh dul chun cinn nach beag maidir leis an Treoir seo a chur i ngníomh i rith na bliana, faoi mar a thugtar le fios in alt 2.1.3 den tuarascáil seo.

Bhí lámh ag an CSI i gcomhairliúcháin dhíreacha leis an Roinn Iompair, Turasoireachta agus Spóirt (RITS) agus le hOifig an Dréachtóra Parlaimintigh chun an Treoir athmhúnaithe maidir le Idir-Inoibríteacht Iarnróid 2008/57/CE a thrasuíomh i nDlí na hÉireann. Comhaontaíodh cáipéisí léiriúcháin don Treoir seo, ar casta iad na na gnéithe teicniúla a bhaineann leis, san Eoraip i rith 2010 & 2011 agus modhnaíodh roinnt de na hlarscríbhinní a ghabhann leis an Treoir.

Chuaigh an CSI i gcomhairle leis an Roinn freisin agus iad ag trasuíomh Threoracha maidir le Sábháilteacht Iarnróid

2. Feidhmíocht ó thaobh na bhFeidhmeanna:

2008/110/CE agus 2009/149/CE, lena leasaítear an phríomh-Threoir maidir le Sábháilteacht Iarnróid 2004/49/CE. De bhun imeachtaí pólótacha i gcoinne an Stáit áfach, de thoradh a mhéid den Treoir maidir le Sábháilteacht Iarnróid a cuireadh i ngníomh, chuaigh an Coimisiún um Shábháilteacht Iarnróid i mbun athbhreithniú cuimsitheach ar an reachtaíocht leis an Treoir a thrasuíomh i nDlí na hÉireann.

Leanann an CSI ar aghaidh le bheith ag rannchuidiú go dearfach le cúrsaí rialála a fhorbairt maidir le hiarnróid na hEorpa. D'fhreastail sé ar dhá chruinniú de chuid an Choiste um Idir-Inoibritheacht agus Sábháilteacht Chóras Iarnróid na hEorpa mar chomhairleoir teicniúil don Roinn Iompair. Tá ionadaíocht ag an CSI ar Bhord Ghníomhaireacht Iarnróid na hEorpa agus rannchuidíonn an CSI le roinnt meithleacha de chuid na gníomhaireachta sin. D'fhreastail sé ar thrí chruinniú iomlánacha de chuid na gníomhaireachta leis na hÚdaráis Sábháilteachta Náisiunta.

2.4 Pointí a dTeagmhaíonn Bóithre agus Iarnróid le chéile

Tá cúrsaí sábháilteachta ag Pointí a dTeagmhaíonn Bóithre agus Iarnróid le chéile fós ina n-údar buairimh. Tá an CSI ina chathaoirleach ar an Meitheal Sábháilteachta Iarnróid agus Bóthair, rud a thugann deis dó gníomhú maidir le míshuaimhneas faoin gceist trína chomhaltaí – gnóthais iarnróid, údaráis bhóithre, an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, tarlóirí bóthair agus na Gardaí. Tháinig an grúpa le chéile uair amháin i rith 2011. Le cois na gcruinnithe sin, d'eagraigh an grúpa cruinnithe feasachta timpeall na tíre freisin chun teacht le chéile le hinnealtóirí agus le bainisteoirí ó na húdaráis áitiúla agus ó na hiarnróid chun ár n-obair sa ghrúpa a chur in iúl dóibh agus chun réimsí áirithe atá ina n-údar buairimh, ag na suíomhanna ar tugadh cuairt orthu, a phlé. Tharla chruinniú amháin den sórt sin in 2011, i Cill Chainnigh.

Foilsíodh treoir dea-chleachtas dréachtaithe maidir le heachtraí ina mbuailtear droichid i 2011.

Tá an CSI ar aghaidh staidéar a dheanamh ar oiriúnacht na úsáideora oibrigh crosairí comhréidhe ar bóithre poiblí agus bhail sé le IÉ chun plé a dhéanamh ar na torthal eatramhach. Beidh sé é a eisiúint torthaí sa chéad ráithe de 2012.

3. Measúnacht ar Fheidhmíocht Shealbhóir an Dualgais ó thaobh na Sábháilteachta:



3.1 Réamhrá

Meastar feidhmíocht sealbhóirí dualgais i bPoblacht na hÉireann ó thaobh na sábháilteachta de do na ceithre phríomhearnáil iarnróid a rialálann an CSI, mar atá, an t-iarnród trom, an t-iarnród éadrom, córais thionsclaíocha agus na hiarnróid oidhreachta. Tá sé d'oibleagáid ar gach oibreoir iarnróid agus bainisteoir bonnagair eachtraí agus tionóiscí iarnróid a fhógairt don CSI. Úsáidtear na sonraí sin chun feidhmíocht na sealbhóirí dualgais ó thaobh na sábháilteachta de a mheasúnú, i measc rudaí eile.

3.2 Líonra Iarnród Éireann

Ag deireadh na bliana, bhí 1683 ciliméadar de bhealaí iarnróid i mbun seirbhíse ar líonra IÉ, an méid céanna a bhí ann in 2010. Ní raibh aon athruithe suntasacha ar an líonra ná ar oibriú na dtraenacha.

Cuirtear staitisticí maidir le tionóiscí i láthair go mion in Aguisín 2. Tuairiscíodh seacht mbás a bhain le feithicilí iarnróid a bhí ag gluaiseacht.

Níor tuairiscíodh aon chásanna inar imigh traenacha seirbhíse de na ráillí nó inar bhuail na traenacha sin faoi nithe eile. Dá ainneoin sin, bhí sé chás ann inar imigh traein de na ráillí i dtaobhlaigh agus rinneadh damáiste do shraith pointí ar líne reatha. Tháinig laghdú an-suntasach ar líon na bpríomhchomharthaí contúirte a ndeachthas tharstu, agus b'fhéidir gurb iad na córais nua mhonatóireachta agus mheantóireachta réamhghníomhaí

neamh-dhaorbhreithiúnaí agus chóitseála ceartaithí ó na Feidhmeannaigh Tarrainthe Dúiche is cúis leis sin.

Bhí cás amháin ann inar bhuail traein faoi mhótarfeithicil ag crosair comhréidh a fheidhmíonn úsáideoirí ar bhóithre, agus níor bhuail traenacha ar bith faoi gheataí faoi fhreastal ag crosairí comhréidhe.

Tá an laghdú a tháinig ar ráta na bhfeithicilí bóthair, a bhuail droichid os cionn agus faoi bhun an iarnróid, coinnithe mar an gcéanna ón mbliain 2008. Níor tuairiscíodh aon chásanna in 2011 inar sciarr an talamh agus inar cuireadh as don líne iarnróid dá bharr.

Tá tuairiscí maidir le heachtraí dóiteáin agus deataigh ar thraenacha seasmhach fós. Tuairiscíodh ocht n-eachtra, agus níor gortaíodh aon paisinéirí de thoradh ceann ar bith díobh.

Tháinig méadú ar líon na gcásanna ina dtuairiscítear gur bhuail traenacha faoi ainmhithe móra ar an líne. As measc na n-eachtraí sin, baineann a bhformhór le fianna.

Briseadh dhá ráille ar línte paisinéirí agus níor briseadh ráillí ar bith ar líne lastais in 2010. I gcomparáid leis sin, aimsíodh ceithre líne bhriste ar línte paisinéirí in 2010.

3.3 LUAS

Is éard atá i gcóras iarnróid éadroim uirbeach LUAS dhá líne ar leithligh a ritheann ar rianta dúbailte. Tá an líne Ghlas 16.5 km ar fad agus ritheann sé ó Fhaiche Stiabhna go dtí Gleann Bhríde: Is iad tramanna Luas amháin a thaistealaíonn ar an mbóthar ar 95% den líne sin agus tá 14 chrosaire chomhréidhe le comhartha ar an mbóthar ann chomh maith le dhá chrosaire comhréidh ar an mbóthar nach bhfuil comhartha ag gabháil leo. Tá an líne Dhearg 19.7 km ar fad, ag rith ó Theach Sagard go dtí The Point (Dugthailte Bhaile Átha Cliath): Is iad tramanna Luas amháin a thaistealaíonn ar an mbóthar ar 60% den líne sin agus tá 41 chrosaire chomhréidhe le comhartha ar an mbóthar ann.

Ba é 3.856 milliún líon iomlán na gciliméadar a thaisteal na tramanna: arb ionann é sin agus méadú thart faoi 25% i

3. Measúnacht ar Fheidhmíocht Shealbhóir an Dualgais ó thaobh na Sábháilteachta:



gcomparáid le 2010. Chuir paisinéirí 29.1 milliún turas i gcóir san iomlán, méadú thart faoi 5% i gcomparáid le 2010.

Ba é Leathnú an A1 ó Bhelgard chuig Teach Sagard an príomhathrú ar an gcóras in 2011.

Taifeadadh na heachtraí seo a leanas maidir leis an tseirbhís do phaisinéirí i rith 2011:

- 30 miontionóisc a bhain le trácht ar bhóithre (athrú ar bith ó 2010);
- 2 mhórtéagmháil le duine den phobal (gortú amháin a bhain do rothaí; coisí amháin a fuair bás);
- 11 mhiontéagmháil le duine den phobal;
- 1 eachtra a bhain le tuile;
- 1 iarracht le tramanna a chur trí thine;
- 1 fheithicil a theagmhaigh le líne leictreachais lastuas.

Bhí na figiúir maidir le líon na dtionóiscí, a bhain le trácht ar bhóithre, seasmach. Is ar an Líne Dhearg a tharlaíonn formhór mór na dtionóiscí a bhaineann le trácht ar bhóithre. Cé gur tháinig laghdú ar líon na n-eachtraí inar teagmháíodh le daoine ó 22 go dtí 13, tuairiscíodh 35 eachtra inar tharla sé gur beag nár teagmháíodh le duine, is é sin le rá, cásanna a raibh teagmháil fíoréadrom ar fad ag tram le feithicil, coisí nó rothar. Tuairiscíodh gortú tromchúiseach amháin, a bhain le rothaí, agus bás amháin a tharla nuair a chuaigh coisí ar seachrán amach ón gcosán isteach ar bhealach an tram. Bhí 478 cás ann inar cuireadh na coscáin ag obair chun



freagairt d'éigeandáil, 100 cás níos mó ná mar a bhí ann in 2010. Dúbhláíodh líon na n-uaireanta a baineadh mí-úsáid as an murlán éigeandála tar éis laghdú 50% a bheith tagtha ar an bhfigiúr in 2010. Tháinig méadú suntasach ar líon iomlán na n-eachtraí mí-oird phoiblí agus loitiméireachta ó 1514 in 2010 go dtí 1935 in 2011.

3.4 Córais Thionsclaíocha

Teagmhaíonn córas iarnróid thionsclaíoch Bhord na Móna leis an mbóthar poiblí Tá rannpháirtíocht an CSI teoranta agus ní chuimsítear ach na pointí a dteagmhaíonn an t-iarnród sin le bóithre poiblí agus le hiarnróid eile

Tuairiscíodh trí eachtra inar bhuail feithicil bhóthair faoi gheataí crosaire comhréidh. Tuairiscíodh cás amháin ina ndeachaigh traen de na ráillí ag crosaire comhréidh, nuair a luascadh geata crosaire comhréidh ar oscailt uaidh féin agus cuireadh vaigín móna de na ráillí dá bharr.

3.5 Iarnród Oidhreachta

Níor tuairiscíodh aon iarnród oidhreachta aon eachtraí in 2010. Cé gur shásúil mar a d'fheidhmigh an earnáil ó thaobh na sábháilteachta de i gcoitinne, tá an CSI ag obair le roinnt oibriúcháin iarnróid oidhreachta chun a gcuid caighdeán sábháilteachta a fheabhsú.

4. Rialachas Corparáideach agus Riarachán



4.1 Réamhrá

Déanann an rialachas corparáideach na córais agus nósanna imeachta lena ndéantar fiontair a stiúradh agus a rialú. Maidir leis sin, ghlac an Coimisiún an Cód Cleachtas maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, faoi mar atá foilsithe ag an Roinn Airgeadais, agus tá an Cód sin á chomhlíonadh ag an gCoimisiún.

4.2 Cúrsaí Airgeadais

4.2.1 Maoiniúchán

Soláthraíonn an Roinn Iompair cuid dár maoiniúchán le Deontas-i-gCabhair agus tagann cuid dár maoiniúchán ó tobhach a chuirtear ar na gnóthais iarnróid €1m a bhí i gceist leis an maoiniúchán ón Deontas-i-gCabhair in 2011. Bhain an CSI leas in 2008 as foráil alt 26(1) den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 agus rinne rialacháin chun tobhach a fhorchur ar gach ceann de na Gnóthais iarnróid. Déantar na rialacháin seo go bliantúil agus tá na rialacháin i gcomhair 2011 in Ionstraim Reachtúil Uimh. 120 de 2011.

Rinne an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste ár gcuntas i gcomhair 2010 a iniúchadh agus cheadaigh an tArd-Reachtair iad i mí na Nollag 2011.

4.2.2 Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

Aithníonn an CSI go bhfuil sé d'fhreagracht air a chinntiú go bhfeidhmítear córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais agus go gcoinnítear an córas sin ar bun. Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta agus ní deimhniú absalóideach a sholáthar go mbíonn sócmhainní á gcaomhnú, idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadh i gceart, agus go mbíonn dearmadaí á gcosc nó go mbrathfaí iad i dtréimhse tráthúil. Próiseas leanúnach is ea an obair le córas na rialuithe inmheánacha ar chúrsaí airgeadais a choinneáil ar bun agus déantar léirmheas go leanúnach ar éifeachtacht an chórais.

4.2.3 Próisis maidir le Cúrsaí Airgeadais a Rialú

Is í seo an séú bliain atá an CSI ar an bhfód. Bíonn próisis agus nósanna imeachta á n-athbhreithniú agus á bhforbairt

go leanúnach againn lena chinntiú go rialaítear cúrsaí airgeadais inmheánacha go láidir. Tá roinnt beart sainaitheanta chun cabhrú linn é sin a chinntiú agus táthar tar éis céimeanna a ghlacadh chun na bearta sin a neadú sa CSI:

- Freagrachtaí bainisteoirí a shainmhíniú go soiléir;
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus sócmhainní na heagraíochta a chosaint;
- Na prionsabail a ghlacadh maidir leis an rialachas corparáideach atá sa Chód Cleachtas maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit;
- Comhlíonadh le ceanglais Iniúcháireachta Inmheánaigh chun comhairle a thabhairt don CSI maidir lena fhreagrachtaí don chóras um rialú inmheánach airgeadais a chomhlíonadh.

Bhí tuilleadh dul chun cinn déanta ag an CSI i rith 2011 maidir le timpeallacht a chruthú ina rialófaí cúrsaí airgeadais inmheánacha go láidir trí chreat d'fhaisnéis rialta bhainistíochta, trí nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear dualgais a dheighilt go soiléir, agus trí chóras tarmligin agus cuntasachta. Is ábhar suntais na gnéithe seo a leanas den chreat sin:

- Córas cuimsitheach um buiséadú, lena ngabhann buiséad bliantúil, a ndéanann an CSI a athbhreithniú agus a chomhaontú;
- Gach íocaíocht á hathbhreithniú go rialta agus go leanúnach ag an gCoimisinéir;
- Gach sonrasc a dheimhniú, lena n-áirítear éilimh maidir le costais taistil agus chothaithe, sula n-údaráíonn an Coimisinéir iad roimh iad a íoc;
- Targaidí a leagan síos chun feidhmíocht ó thaobh cúrsaí airgeadais agus nithe eile a thomhas.

Deimhníonn an CSI go gcloítear le gach nós imeachta cuí maidir le cúrsaí airgeadais a thuairisciú, iniúcháireacht inmheánach a dhéanamh, cúrsaí soláthair agus sócmhainní a dhiúscairt.

4. Rialachas Corparáideach agus Riarachán

4.2.4 Dualgais Chánach a Chomhlíonadh

Tá a chuid oibleagáidí cánach á gcomhlíonadh ag an CSI.

4.2.5 Taisteal agus speansais

Comhlíonann an CSI gach ciorclán ábhartha ón Roinn Airgeadais maidir le speansais taistil agus chothaithe agus speansais ghaolmhara.

4.3 Tiomantas don Ghaeilge

Tá an CSI tiomanta do na codanna ábhartha d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chur i ngníomh. Tá ár gcomharthaíocht agus stáiseanáireacht i nGaeilge agus Béarla araon faoi láthair.

4.4 Saoráil Fhaisnéise

Bhí an t-iar-rannán Cigireachta Iarnróid, ár réamhtheachtaí faoi scáth na Roinne Iompair, faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise. Táthar ag súil go gcuirfead an Coimisiún san áireamh i measc na n-eagraíochtaí atá faoi rialú an Achta seo faoi lár 2012. Idir an dá linn, táimid tiomanta do bheith ag déanamh de réir phrionsabail an Achta seo.

4.5 Cairt Chustaiméirí

Tugadh an Chairt Chustaiméirí cothrom le dáta in 2011 agus tá sé ar fáil ar ár suíomh idirlín. Cuirtear síos sa Chairt seo ar an leibhéal seirbhíse gur féidir le custaiméir a bheith ag súil leis ón gCSI. Ní bhfuarthas aon ghearáin maidir le seirbhís do chustaiméirí in 2011.

4.6 Bainistíocht Rioscaí

Tá córas bainistíochta rioscaí i bhfeidhm ag an CSI chun súil a choinneáil ar na rioscaí is mó dá bhfuil ann dá ghnó.

4.7 Cód um Eitic agus Iompar Gnó

Tá Cód um Eitic agus Iompar Gnó i bhfeidhm don Choimisinéir agus don fhoireann ar fad agus táthar ag cloí leis.

4.8 Ráiteas Straitéise 2009-2011

Tháinig an CSI an dara Ráiteas Straitéise dá chuid in 2009. Sa cháipéis seo, aithnítear treo an Choimisiúin ó thaobh straitéise, agus an t-Aonad um Imscrúdú san áireamh, don tréimhse 2009 go dtí 2011, agus soláthraíonn an cháipéis treoir shoiléir dár bpríomhpháirtithe leasmhara seachtracha maidir lenár spriocanna agus ár gcuspóirí gnó. Beidh muid faoi theoir an Ráitis Straitéise seo agus ár bhfreagrachtaí á gcomhlíonadh againn.

4.9 Láithreán gréasáin

Coimeád an CSI láithreán gréasáin gníomhach ag www.rsc.ie

Coimeád an AITI láithreán gréasáin gníomhach ag www.raiu.ie

5. Ag Breathnú Amach Romhainn

Leanfaidh an CSI ar aghaidh lena fhreagrachtaí a chur i ngníomh faoi reachtaíocht Eorpach agus faoi reachtaíocht Náisiúnta i rith 2012. Is iad seo a leanas na deich réimsí a áireofar mar chinn a ndíreofar aird ar leith orthu i rith 2012:

- Athbhreithniú cuimsitheach ar reachtaíocht um shábháilteacht iarnróid, a mbeidh sé de chuspóir leis go bhforbrófar moltaí go mbeifear go huile is go hiomlán de réir treoracha ón AE.
- Treoir d’Iarnród Éireann maidir lena athstruchtúrú inmheánach chun ceanglas an AE a chomhlíonadh ó thaobh gníomhaíochtaí an Bhainisteora Bonneagair agus an Ghnóthais Iarnróid a dhealú ó chéile, le béim ar leith ar athruithe san eagraíocht a bhailíochtú ó thaobh na sábháilteachta de.
- Measúnacht ar chomhréireacht na gcóras bainistíochta sábháilteachta ar leithligh de chuid Iarnród Éireann, maidir leis an mBainisteoir Bonneagair agus an Gnóthas Iarnróid, agus an Bainisteoir Bonneagar a údarú ó thaobh na sábháilteachta de ina dhiaidh sin chomh maith le sábháilteacht an Ghóthais Iarnróid a dheimhniú.
- Measúnacht ar chomhréireacht an iarratais ó *Northern Ireland Railways (NIR)* ar dheimhniú sábháilteachta Chuid ‘B’ lena chinntiú go dtabharfar dóthain airde lena CBS ar oibriúcháin traenach trasteorann agus nach dtabharfar aon rioscaí breise isteach ar líonra IÉ.
- Leathnú a dhéanamh ar an réimeas nua iniúchóireachta agus cigireachta chun maoirseacht a dhéanamh ar an mbealach a chomhlíon an *Railway Preservation Society of Ireland (RPSI)* an CBS dá chuid de réir chó-mhodhanna sábháilteachta na hEorpa.
- Socruithe a láidriú chun aon easnamh maidir le sainacmhainní teicniúla daonna a sheachaint i gcás go bhféadfaidís bac a chur ar an CSI a chuid oibleagáidí don AE agus faoi reachtaíocht náisiúnta a chomhlíonadh.
- An próiseas a thabhairt chun críche chun cead a thabhairt d’Iarnród Éireann sraith bhreise (17 bhfoireann ina mbeidh trí charr an ceann) de Chairr Iarnróid Idirchathrach a chur i mbun seirbhíse.
- Staidéar teicniúil a chur i gcrích ar oiriúnacht na gcrosairí comhréidhe a fheidhmíonn úsáideoirí ar bhóithre poiblí.
- Iniúchóireacht chuimsitheach ar shábháilteacht ar na hiarnróid oidhreacht féinchoinnithe d’fhonn feidhmiú na bainistíochta sábháilteachta sa réimse sin a fheabhsú.
- Próisis agus nósanna imeachta a fhorbairt de réir cheanglais ISO 17020 chun a chur ar chumas an CSI creidiúnú a bhaint amach.

I rith 2012, leanfaidh an CSI ar aghaidh le bheith ag díriú ar a mhisean “Sábháilteacht na n-Iarnród in Éirinn a thabhairt ar aghaidh trí mhaoirseacht agus forfheidhmiúchán díograiseach”.

Aguisín 1

Aguisín 1: Staitisticí Iarnród Éireann

Bliain	2002	2003	2004	2005	2006	2007	2008	2009	2010	2011
Foireann	6,021	5,833	5,590	5,462	5,114	4,933	4,845	4,499	4,254	4,125
Km Traenach - paisinéirí	12,602,000	12,245,000	11,777,000	13,034,000	14,505,000	16,060,000	18,044,657	16,190,950	16,582,606	17,008,042
Km Traenach - lastas	2,895,000	2,705,000	3,350,000	4,953,000	3,737,000	772,000	1,034,173	946,374	341,954	360,299
Km Iomlána Traenach	15,497,000	14,950,000	15,217,000	17,987,000	18,242,000	16,832,000	19,918,501	18,182,358	17,691,837	18,066,007
Iomlán na dturas ag paisinéirí	35,370,000	35,558,000	34,550,000	37,653,000	43,350,000	45,513,000	44,646,000	38,800,000	38,225,000	37,375,000
Ciliméadair Iomlána ag Paisinéirí	1,628,	1,601	1,582	1,781	1,872	2,007	1,976	1,681	1,678	1,639
Ciliméadair na mBealaí							1657	1665	1683	1683

Aguisín 2: Eachtraí agus Gortuithe ar Iarnród Iarnród Éireann 2002-2011

Staitisticí bliantúla maidir le tionóiscí agus eachtraí	2002	2003	2004	2005	2006	2007	2008	2009	2010	2011
Oibrúcháin iarnróid: gortuithe marfacha do phaisinéirí										
Gortú marfach do phaisinéir de bharr tionóisce traenach, ní ag crosaire comhréidh	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Gortú marfach do phaisinéir de bharr tionóisce traenach ag crosaire comhréidh	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Gortú marfach do phaisinéir ag taisteal ar thraein, seachas i dtionóisc traenach	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Gortú marfach do phaisinéir ag iarraidh dul isteach nó amach as traein	1	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Oibrúcháin iarnróid: gortuithe marfacha do thríú páirtí										
Gortú marfach a bhain do thríú páirtí ag crosaire comhréidh agus a bhain le traein	1	-	1	-	-	1	1	-	2	-
Gortú marfach a bhain do thríú páirtí ag crosaire comhréidh agus nár bhain le traein	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Oibrúcháin iarnróid agus cothabháil rianta: gortuithe marfacha d'fhostaithe										
Gortú marfach d'fhostaí ag crosaire comhréidh de bharr traein a bhí ag gluaiseacht	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Gortú marfach d'fhostaí de bharr traein a bhí ag gluaiseacht (seachas ag crosaire comhréidh)	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Gortú marfach a bhain d'fhostaí agus nár tharla de bharr traein a bhí ag gluaiseacht	1	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Oibrúcháin iarnróid: gortuithe marfacha do dhaoine eile										
Gortú marfach de bharr traein a bhí ag gluaiseacht agus nár tharla ag crosaire comhréidh	-	-	-	-	-	1	-	-	-	-
Gortú marfach do chustaiméir nó do chuariteoir, gan baint ag aon traein leis	-	-	-	-	-	1	-	-	-	-
Gortú marfach a bhain le traein a bhí ag gluaiseacht ar iarnród nó ar chrosaire comhréidh agus ar tugadh le fios ina thaobh gur foghail nó bás amhrasach a bhí i gceist	9	10	11	8	7	5	8	3	8	7
Oibrúcháin iarnróid: Gortuithe neamh-mharfacha do phaisinéirí										
Gortú do phaisinéir de bharr tionóisce traenach, ní ag crosaire comhréidh	5	-	-	12	-	-	-	2	-	-
Gortú do phaisinéir i dtionóisc iarnróid ag crosaire comhréidh	-	-	1	-	-	-	-	-	-	-
Gortú do phaisinéir a bhí ag iarraidh dul isteach nó amach as traein	43	69	65	48	55	50	43	17	64	46
Gortú do phaisinéir a bhí ag taisteal ar thraein, seachas i dtionóisc traenach	54	66	70	73	41	35	22	40	28	10
Oibrúcháin iarnróid: Gortuithe neamh-mharfacha do thríú páirtí										
Gortú a bhain do thríú páirtí ag crosaire comhréidh agus a bhain le traein	1	-	-	-	-	1	-	-	-	1
Gortú d'úsáideoir crosaire comhréidh nár bhain le traein	3	-	3	4	-	1	1	1	-	2
Oibrúcháin iarnróid agus cothabháil rianta: gortuithe neamh-mharfacha d'fhostaithe										
Gortú a bhain d'fhostaí, a d'fhág gur cailleadh am oibre, agus a bhain le gluaiseacht traenach nó tionóisc traenach	5	12	8	4	15	8	9	13	12	9
Gortú a bhain d'fhostaí, a d'fhág gur cailleadh am oibre, agus a tharla le linn dó/di a bheith ag obair ar an iarnród ach nár tharla de bharr traein a bhí ag gluaiseacht	104	109	118	100	69	78	79	65	57	45
Gortú a bhain d'fhostaí, a d'fhág gur cailleadh am oibre, agus a tharla le linn dó/di a bheith ag obair ag crosaire comhréidh ach nár tharla de bharr traein a bhí ag gluaiseacht	1	2	-	1	2	4	-	-	-	-
Oibrúcháin iarnróid: Gortuithe neamh-mharfacha do dhaoine eile										
Gortú do chustaiméir nó do chuariteoir ar áitreabh	134	84	71	74	72	70	54	56	85	113
Gortuithe do dhaoine eile, daoine neamhúdaraith san áireamh	1	2	1	1	-	1	-	-	-	-
Eachtraí a tharla ar thraenacha										
Traein a cuireadh de na ráillí ar líne reatha nó traein a cuireadh de ráillí ar líne reatha agus a chuir isteach ar líne reatha	1	12	5	5	9	7	3	3	1	-
Traein a cuireadh de na ráillí agus i sealbhaithe ag an rannóg innealtóireachta ar líne reatha (agus traenacha a cuireadh de na ráillí agus iad á sealbhú freisin)	1	4	1	2	4	1	2	1	1	-
Traenacha a cuireadh de na ráillí i dtaobhlach de chuid IÉ	77	58	46	19	16	8	12	4	14	4
Traenacha a cuireadh de na ráillí i dtaobhlach príobháideach	-	6	4	4	3	4	-	4	2	2
Imbhualadh traenach le traein phaisinéirí nó traein earraí ar líne reatha	-	-	-	-	1	-	-	-	-	-
Imbhualadh traenach/feithicle iarnróid agus í ag gluaiseacht ag stáisiún nó á gluaiseacht le sealbhú	-	2	-	1	1	-	1	1	-	-
Imbhualadh traenach le mótarfeithicil ag crosaire comhréidh	4	1	2	2	1	4	4	-	2	1
Imbhualadh traenach le coisí ag crosaire comhréidh	-	-	-	-	-	1	-	-	1	-
Imbhualadh traenach le geataí faoi fhreastal ag crosaire comhréidh	6	2	4	2	2	2	1	-	1	-
Imbhualadh traenach le mótarfeithicil a bhí ag bacadh na líneach (ní ag crosaire comhréidh)	2	2	-	-	-	-	-	-	-	-
Imbhualadh traenach le hainmní nó ainmhithe móra ag crosaire comhréidh	32	43	40	42	43	42	33	20	24	35
Imbhualadh traenach le constaic eile ar an líne	6	4	10	8	5	9	17	10	1	7

Aguisín 2

Eachtraí a tharla ar bhealaí buana & maidir leis an mbonneagar										
Ráille Briste ar líne reatha do thraenacha paisinéirí	5	3	1	6	4	1	2	2	4	2
Ráille Briste ar líne do thraenacha lastais amháin nó i dtaobhlach	3	4	1	-	1	-	1	2	-	-
Líon iomlán na ráillí briste (gan Ceardlanna & iostaí a áireamh)	8	7	2	6	5	1	3	4	4	2
Lioscán briste nó scoilte	464	511	254	380	332	358	187	160	109	42
Mí-aillíniú nó lúbadh sa rian					5	1	-	3	-	-
Fabht ultrasonach d'Aicme 1	34	81	35	31	29	21	27	47	41	2
Bhuail mótarfheithicil droichead faoin iarnród	99	137	123	203	194	140	86	98	92	80*
Bhuail mótarfheithicil uchtbhalla droichid os cionn an iarnróid	4	6	13	12	23	40	26	16	14	9
Sciordhad talún nó teip ar na struchtúir a chuaigh i bhfeidhm ar oibriúcháin	11	2	-	4	10	4	-	11	3	-
Traein dulta thar phríomhchomhartha contúirte sa chás gur tugadh rabhadh in am	22	32	29	36	25	22	12	18	14	4
Líon iomlán na gcomharthaí reatha contúirte a ndeachthas tharstu agus na gcomharthaí seachróidh contúirte a ndeachthas tharstu	25	51	41	45	34	32	22	23	22	6
Geata nó bacainn ag crotaire comhréidh ar bhuail mótarfheithicil faoi nó fúithi	19	12	35	18	21	37	24	23	31	17
Mótarfheithicil ar bhuail bacainn ag crotaire comhréidh fúithi	6	12	20	12	8	6	4	5	7	4
Líon iomlán na gcásanna dóiteáin i bhfoirgnimh	-	2	-	-	-	9	3	5	2	2
Eachtraí a bhain le rothstoc										
Dóiteán nó deatach ar ghluasteoirí nó ar rothstoc eile	15	9	11	8	13	27	13	6	9	8
Traein a scoilteadh ina dhá leath agus í ag rith	2	1	-	3	-	1	1	1	-	-
Eachtra a tharla maidir le doras rothstoic	4	3	-	-	1	11	4	1	1	2

* To be verified

Aguisín 3

Aguisín 3: Staitisticí LUAS

Staitisticí oibriúcháin agus tionóiscí Iarnród Éadrom Bhaile Átha Cliath 2004-2009

Bliain	2005	2006	2007	2008	2009	2010	2011
Km (mílte) Tram	2,500	2,661	2,751	2,744	2,695	3,082	3,860
Tionóiscí Tráchtá Bóithre (TTB)	36	24	28	32	23	30	30
Theagmhaigh duine leis an tram	8	21	18	20	18	22	13
Imbhualadh idir tramanna	1	-	-	-	-	-	-
Cuireadh de na ráillí in iosta	4	-	3	1	-	-	-
Cuireadh de na ráillí ar an bpróimhlíne	1	1	-	-	1	2	-
Cás díodhala eile						1	-
- Garchabhair	5	1	3	1	5	2	1
- Cóir leighis	10	9	11	4	20	15	9
- Cúram Ospidéal	2	2	2	1	4	3	1
Básanna	-	-	-	1	-	-	1
Gortuithe Iomlána	17	12	16	7	29	20	12
Murlán Éigeandála	14	20	22	43	108	41	103
Coscán Éigeandála	946	747	540	435	350	374	478

(Is ionann – agus Nialas. Tugann N/B le fios nach raibh faisnéis ar fáil)

Nóta: Ba é 2005 an chéad bhliain iomlán a raibh LUAS i mbun feidhme.

Aguisín 4

Aguisín 4: Ceaduithe a dheonaigh an CSI in 2011

Tionscadail maidir le Bonneagar	Céim an Tionscadail			
		Dearadh Tosaigh	Dearadh Mion-sonraithe	Coimisiúnú an Oibríocháin
Baile Átha an Rí – Droichead (Teagasc)			✓	
Cluain Meala –droichead a leathnú			✓	
Stáisiún Iarnróid Croisín		✓		
Inis – droichead coisithe			✓	
Grand Chanáil S2S nDugaí bealach rothaiochta			✓	
Líne A1 an LUAS				✓
N22: Seanbhealach Trá Lí – droichead			✓	
R916 Carraig an Chaisleáin scéim athailíniú			✓	
Bóthar ceangail Durlas - droichead			✓	

Tionscadail Rothstoic	Céim an Tionscadail				
	Coincheap	Dearadh Tosaigh	Dearadh Mion-Sonraithe	Tástáil & Coimisiúnú	Seirbhís
Vaigíní Ghlantacháin	✓	✓	✓	✓	
Vaigíní Ballasta					✓
Carr Iarnróid Idirchathrach	✓	✓	✓	✓	
Feithicil Ghlantacháin Bóthair-Iarnróid LUAS			✓		
Veain Gineadóra Mk III	✓	✓	✓	✓	
Feithicil Ilchuspóireachta	✓	✓	✓	✓	
Vaigíní Tástála Ultrasonach	✓	✓	✓	✓	

Aguisín 5

Foramharc ar Úsáid Fuinnimh in 2011

In 2011, d'ídigh an Coimisiún Sábháilteachta Iarnróid (CSI) 140,939 kWh d'fhuinneamh, a chuimsigh:

- 44,364 kWh de leictreachas;
- 96,754 kWh de bhreoslaí iontaise (gais);

Gníomhartha a Rinneadh in 2011

In 2011 rinne an Coimisiún Sábháilteachta Iarnróid raon de thionscnaimh le feabhas a chur ar ár bhfeidhmíocht fuinnimh, lena n-áirítear:

- Laghdú ar an méid spáis oscailte san oifig ag deighiltí a chur leis an tsli sin ag méadú úsáid éifeachtach teasa a laghdú agus an méid teasa a cailleadh
- A spreagadh gach ball foirne a ladgdú a n-ídiú fuinnimh

Gníomhartha Beartaithe do 2012

In 2011, tá sé beartaithe ag an Coimisiún Sábháilteachta Iarnróid tuilleadh feabhais a chur ar ár bhfeidhmíocht fuinnimh trí na tionscnaimh seo a leanas a dhéanamh:

- Feasacht na foirne ar ídiú fuinnimh agus na modhanna a laghdú
- Leanúint ar aghaidh le monatóireacht a dhéanamh ar úsáid fuinnimh